Foilsithe in *Feasta*, Samhain, 2019, 15-16. Cóip an Údair.

SÚIL

Eithne Ní Ghallchobhair



Whelton, M., 'Léirmheas ar *Súil* (Ní Ghallchobhair).' *Feasta*, Samhain, 2019, 15-16.

# Léirmheas ar *Súil* (Eithne Ní Ghallchobhair),

Cló-Iar-Chonnacht: An Spidéal, 2018.
ISBN: 9781784441845.

**Léirmheas le Marie Whelton,**
**Institiúid Oideachais Marino**

---

Tá taithí ag léitheoirí Gaeilge ar shaothar acadúil Eithne Ní Ghallchobhair agus ar na leabhair ardchaighdeáin do pháistí atá scríofa aici. Is é *Súil* a céad chnuasach gearrscéalta do dhaoine fásta agus is cnuasach den chéadscoth é. Dhá ghearrscéal déag san iomlán atá ann agus i measc na dtéamaí móra a bpléann Ní Ghallchobhair go hoilte leo, tá an bás agus an bheatha; an troid agus an eitilt; an dúil agus an dual; agus an daoirse agus an tsaoirse. Cíorann sí go leor ceisteanna polaitiúla reatha go mion, freisin, idir cheisteanna imshaoil, cheisteanna faoi chás na dteifeach agus cheisteanna faoin ngalar intinne.

Ar na scéalta is cumhachtaí sa chnuasach tá 'Faoi Scáth Gealaí.' Teifeach mná is ábhar dó agus téann an t-údar i ngleic ann leis na dúshláin a bhíonn le sárú aici mar mháthair agus í ag iarraidh éalú ó thráma an chogaidh sa tSiria. Mar is léir ón gcaint dhíreach chineálta anseo thíos, éiríonn le Ní Ghallchobhair grá cosantach dílis na máthar a chur in iúl sa scéal seo ar bhealach fíor-álainn:

> '*Chonaic mé iad faoin ghealach, a Mhaim. Na daoine seo uilig go léir, iad amuigh ar an fharraige ag fáil bháis….'*
> *'Ní fhaca tú rud ar bith. Ar shiúl sa cheo a bhí tú. Gabh ar ais a chodladh. Fanfaidh mé anseo leat. Ní ligfidh mé do a dhath a theacht ort. Ní ligfinn ar mo shaol.' (lch 38).*

Máthair eile is ábhar den scéal, 'Gaol ,' ina ndéanann an t-údar iniúchadh íogair géarchúiseach ar ghalar dubhach na hiarbhreithe. Trí an-chuid mionsonraí a bhreacadh agus trí bhéim a chur ar mhothúcháin na máthar, téann an t-údar isteach go domhan in eispéireas na mná – eispéireas dorcha

nach léitear faoi go minic sa litríocht is ea é. Is gné éifeachtach den scéal é nach dtugann an t-údar ainm ar an máthair agus, dá bhrí sin, go seasann sí do na máithreacha nua uile a fhulaingíonn le fadhbanna meabhairshláinte. Is íorónta gurb é ceangal an mháithreachais a thugann slánú don mháthair úr sa deireadh agus gurb í a máthair féin a chabhraíonn léi 'titim i síorghrá' lena leanbh nua (lch 64).

Seanfhear a chónaíonn i dteach altramais agus a chrónaíonn an fharraige is ábhar de 'Le Muir.' Is cosúil go bhfuil an fear ag saothrú an bháis (lch 117) agus go n-éalaíonn sé ó dhaoirse na hotharlainne ina intinn istigh nó go fírinneach – ní léir cé acu. Téann sé ar iomramh farraige i gcurach agus, tar éis dó bualadh le murúch óg tharraingteach, fágann sé an curach ina dhiaidh chun dul ag snámh san fharraige. Baineann Ní Ghallchobhair an-leas as píosaí filíochta tríd an scéal síos chun cur lena bhlas rámhaille osnádúrtha. Cuirtear síos ar an tslí a dtagann cuimhní ar ais chuig an seanfhear agus ar an mbuairt atá air roimh dhíoltas Dé. Is é an dóchas a sháraíonn ar an mbuairt sa deireadh, áfach, agus cuirtear an bás i láthair, ní mar chríoch ach, mar athfhás (lch 132).

Baineann seacht gcinn de na scéalta sa chnuasach le gnéithe éagsúla de dhomhan na n-ainmhithe agus na bhfeithidí. Mionstaidéir ar iompar, ar mhothúcháin agus ar dhúchas na n-ainmhithe is ea iad. Is scéalta iad a chuirfidh cuid de na scéalta is fearr le Liam Ó Flaithearta i gcuimhne don léitheoir. Go deimhin, tá an macalla sin ó *Dúil* (1953) an Fhlaitheartaigh le feiceáil ar theideal agus ar chruth an leabhair féin. Ach cuirfidh scéalta Ní Ghallchobhair faoin domhan nádúrtha cláracha faisnéise de chuid David Attenborough in aigne don léitheoir, leis, lena léargas i bhfíor-am ar dhlúthshaol na n-ainmhithe.

In 'Comhdháil Coille' leanann an t-údar scréachóg reilige ón nead go dtí go n-aimsíonn sé céile saoil. Feictear an t-éan faiteach ag tús an scéil ag fáil réidh dá chéad eitilt. Le hathrá éifeachtach agus le gontacht shainiúil stíle, tugann Ní Ghallchobhair an léitheoir isteach i nead na scréachóige agus cruthaíonn sí an suíomh trí thagairt a dhéanamh do na

fuaimeanna a chloiseann an t-éan, do na radhairc a fheiceann sé agus do na mothúcháin a airíonn sé (lch 9). Tá cur síos sa scéal, freisin, ar an gcéad seilg a rinne an t-éan, ar a imeacht óna chlann chun a theach féin a aimsiú agus ar an tslí ar mhúscail an t-uaigneas 'riachtanas caidrimh agus clainne ann' (lch 19) gur aimsigh sé a chéadsearc agus gur thug sé chuig a theach féin í do 'chomhdháil coille' as a bhfásfadh 'conradh saoil' (lch 22).

Éan de chineál eile, ar go leor bealaí, is é sin an chuach, is ábhar de 'An Áit a nÓlann an tUan an Bainne.' Buaileann an t-údar léi agus í ar a bealach ón Afraic Theas, ag freagairt don 'dlúth-tharraingt' ina corp, chun dul ar ais go dtí an áit inar rugadh í – Tír Chonaill. Tá mionchuntas sa scéal ar an áit inar chaith an chuach a céad oíche ar ais in Éirinn, ar an tslí a n-aimsíonn sí bia di féin, ar an tsuirí a dhéanann sí le coileach, ar an gcumann gearr drúisiúil a bhíonn eatarthu agus ar an tslí a mbeireann sí a hubh i nead ghobadáin, nead as a gcaitheann sí ubh amháin de chuid an ghobadáin 'gan trua gan trócaire' (lch 73), sula n-imíonn sí chun an t-iomlán a dhéanamh arís dhá uair is fiche le linn an tsamhraidh. Ní ghlacann sí freagracht ar bith as a sliocht féin agus ní léiríonn sí aon nasc mothálach leo. Ag deireadh an tsamhraidh filleann an chuach ar an Afraic Theas 'gan chara gan chlann gan chuideachta' (lch 79) agus cé go leanfaidh a circíní í níos déanaí sa bhliain, ní bhuailfidh siad lena chéile riamh arís. Tugann an scéal léargas iontach ar sheasamh na dtréan in éabhlóid na n-ainmhithe – is í an chuach is treise, is cruálaí agus is santaí agus is í a thagann slán.

Mionstaidéar álainn eile ar ainmhí maorga is ea 'An Carria.' Cuirtear an Carria i láthair mar rí ar a dhúiche féin ach tá cuid den dúiche sin trí thine. Is trua leis an gcarria go bhfuil crainn ársa dhúchasacha á ndó ag an tine chomh maith le broic, madraí rua agus fuiseoga. Goilleann sé air go mbíonn ar mháithreacha rogha a dhéanamh idir iad féin a shábháil nó a muirear a shábháil. Thar aon ní eile, is é bás a ghaolta féin a chuireann isteach air agus goileann sé go mór air nach bhfuil sé in ann cabhrú leo (lgh 94-95). Tugann an t-údar léargas don léitheoir ar an saol a bhíodh ag an gCarria roimh an tine. Tá cur

síos ar an ratamas agus ar an ngaisce a raibh ar an gcarria a dhéanamh chun a chéad eilit a mhealladh chuige. Tá cur síos, freisin, ann ar scéalta a tháinig chuig an gcarria le hoidhreacht faoin tslí ar fhulaing a mhuintir féin faoin tseilg agus faoin bplandú fadó. De réir a chéile, áfach, bíonn sé soiléir go bhfuil an carria gafa ag an tine agus cé go bhfuil daoine daonna ag iarraidh é a shábháil, níl muinín aige astu de bharr na staire agus de bharr a thaithí féin leo, agus léimeann sé 'de dheargruathar isteach sna bladhairí' (lch 104) chun éalú uathu. Ardaíonn Ní Ghallchobhair ceisteanna tábhachtacha maidir le nádúr na seilge, na fearúlachta agus an laochais (lch 101) sa scéal ach is práinní, b'fhéidir, na ceisteanna a ardaíonn sí maidir leis an ngaol idir an duine daonna agus an nádúr i gcoitinne.

Is ceisteanna den chineál céanna iad na ceisteanna a ardaíonn Ní Ghallchobhair in 'An tIolar Fíréan' áit a scrúdaíonn sí an gaol idir iolar agus feirmeoir. Cuireann sí an t-iolar i láthair mar éan atá cruálach ó nádúr agus a bhfuil mian inti ó dhúchas don 'fhuil agus don fheoil'. Leagan den laochas atá sa mhian sin, dar le Ní Ghallchobhair (lgh 137-138). Ach má bhíonn an t-iolar cruálach leis an uan beag, agus má bhíonn an bua aici air, bíonn an bua ag feirmeoirí na sléibhte ar an iolar. Léiríonn Ní Ghallchobhair go bhfuil cosúlachtaí suntasacha idir iompar uaibhreach glic an fheirmeora agus é ag cur nimhe amach don iolar agus iompar gaisciúil bródúil an iolair i mbun seilge (lch 142). In ainneoin go bhfuil a fhios ag an duine daonna go bhfuil pór na n-iolar i mbaol, briseann an dúchas ann agus in ionad rialacha an nádúir a shárú ann féin, glacann sé páirt sa chomórtas agus baineann sé taitneamh as an mbua a fháil ar namhad atá níos laige ná é.

Beachóg is ábhar den scéal 'An Neach is Lú is Fiúntaí.' Tar éis roinnt fíricí faoi fhad saoil na beachóige, faoi bhunghnó na beachóige agus faoi thábhacht na saithe a roinnt, leanann an t-údar an bheachóg ar lá samhraidh agus í ag dul ó bhláth go bláth. Féachann Ní Ghallchobhair ar mheitheal na mbeach i gcoitinne agus ar an gcomhoibriú a dhéanann siad le chéile mar fhoireann. Mhothaigh mé, áfach, gur thréig an t-údar stíl an

ghearrscéil sa dara cuid den scéal seo agus gur gaire an deireadh le léacht nádúir ar thábhacht na mbeach seachas do ghearrscéal. Níl amhras faoi ach go bhfuil teachtaireacht láidir thábhachtach faoin imshaol nádúrtha le baint as an scéal ach seans go bhfuil an insint agus guth an údair ró-fhollasach chun dul i gcion ar an léitheoir ar bhonn liteartha (lgh 112-113).

Tá dhá gearrscéal ag deireadh an leabhair ina gcuirtear an duine daonna i láthair mar chara ar dhomhan na n-ainmhithe agus an dúlra. Sa chéad cheann, 'Soc le Talamh,' leanann an t-údar gráinneog, ar aonarán é ó dhúchas é, ó thús an earraigh go dtí tús an gheimhridh dar gcion. Léirítear go bhfuil domhan an nádúir lán le priacail agus le contúirtí ach tá an scéal seo níos dóchasaí ná na scéalta eile ina bpléitear le goilliúnacht an nádúir sa mhéid is go dtarrthálann buachaill óg cúig bliana d'aois an ghráinneog ó thine agus go scaoileann sé saor é le teacht ar ais chuige féin. Cuirfidh an dara ceann, 'Asal is ea Asal is Cuma cá hÁit a Bhíonn,' gearrscéal cáiliúil le Pádraic Ó Conaire – 'M'asal beag dubh' – i gcuimhne do léitheoirí. Scéal éadrom spraíúil is ea é faoi asal darb ainm Mac Shergar, faoina úinéir, Condaí John agus faoin turas a rinne siad, Domhnach amháin, isteach go dtí an baile mór. Tá greann, fuinneamh, saoirse agus sonas ag sní tríd an scéal, go háirithe sa chomparáid a dhéantar idir Condaí John agus Íosa agus sa chuntas ar an gcuairt a thug sé, ar theach tábhairne agus é ar mhuin an asail. Tugann an scéal spléachadh sultmhar ar nádúr agus ar dhúchas an asail mar ainmhí agus ar an gcaidreamh speisialta atá ag a úinéir leis.

Scéalta éadroma greannmhara is ea iad na scéalta 'Na Clocha' agus 'An Bhatráil,' freisin. Sa chéad cheann is iad Agnes agus a garmhac Davy na príomhcharachtair. Tá tochaltóir nua ag Davy agus faigheann sé amach go mbeidh sé ar a chumas carraigeacha a chur ina seasamh lena hinneall nua chun cromleac a thógáil. Fásann gnó as a chuid iarrachtaí, agus bíonn an-éileamh air cromleaca nua a thógáil ar fud na tíre do dhaoine éagsúla. Is scéal é a bhaineann leas as an ngreann chun nádúr na fírinne a scrúdú agus chun ról lárnach na haithrise i gcúrsaí faisin agus ealaíne a thabhairt chun solais. Sa

dara scéal, 'An Bhatráil,' pléitear le grúpa ceoltóirí agus leis an sásamh a bhaineann siad as a bheith ag déanamh ceoil go dtí go dtagann drumadóir le bodhrán chun seinm leo. Mar is léir ó theideal an scéil ní bhíonn siad ró-thógtha lena 'thionlacan.' In ainneoin roinnt iarrachtaí seiftiúla ó na ceoltóirí, ní éiríonn leo an ruaig a chur ar an drumadóir, agus sa deireadh, bíonn ar na ceoltóirí féin an teach tábhairne a fhágáil. Cé go bhfuil atmaisféar meidhreach leathdháiríre sa scéal, ba dheacair gan an chosúlacht idir na daoine daonna sa scéal seo agus na hainmhithe sna scéalta eile a thabhairt faoi deara. Bíonn an bua ag an té is láidre ar an té is laige i gcónaí, pé acu cuach leitheadach, feirmeoir díoltasach nó drumadóir callánach é nó í!

Ar an iomlán, is cnuasach téagartha spreagúil é seo ina bhfuil meascán breá de scéalta dáiríre agus de scéalta éadroma. Tá ard-chumas teanga ag an scríbhneoir Conallach seo agus tá stíl úr sholéite scríbhneoireachta forbartha aici a bhfuil íogaireacht mhothálach agus féith ghrinn spreagúil inti. Trí ainmhithe a chur i láthair le cáilíochtaí daonna agus go háirithe le mothúcháin dhaonna, léiríonn Ní Ghallchobhair go bhfuil cosúlachtaí tábhachtacha ann idir an tslí a n-iompraíonn daoine daonna agus an tslí a n-iompraíonn ainmhithe. Macasamhail ar a chéile is ea iad agus leanann siad na rialacha céanna nádúir go minic. Má bhíonn an bua ag an té is láidre, agus ag a fhonn díoltais, i scéalta áirithe, ní fhágann an cnuasach i gcoitinne aon amhras ar an léitheoir ach go mbeidh ar an gcine daonna, más mian leis teacht slán, an riail nádúir sin a shárú agus grá a léiriú i leith an neach is lú agus is laige: bíodh an té sin ina teifeach mná, ina máthair úr leochaileach, ina gráinneog dhóite nó ina beachóg bheag bhídeach a bhfuil a speiceas i mbaol imeacht in éag.

**Tagairt:**

Ó Flaithearta, Liam, *Dúil*. Sáirséal Ó Marcaigh, Baile Átha Cliath, 1953.